A thuismitheoirí / caomhnóirí, a chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Tá eolas agam duit ar trí rud tábhachtacha anseo thíos.

**1. Rogha Ábhar do Bhliain 1**

Tá foirm ag do mhac/iníon le líonadh anocht agus le bheith thar n-ais amárach. Tá na sonraí ar fad a bhaineann leis an gcinneadh deireanach maidir le rogha ábhar do Bhliain 1 2021/2022 ar an bhfoirm sin.

**2. Aip na Scoile**

Cur i gcuimhne maidir le Aip na Scoile a íoslódáil. Beidh nuacht na scoile agus fógraí tábhachtacha ansin as seo amach. Anuas air sin, táimid tosnaithe ag cur táillí do Bhliain 1 ann chomh maith.

**3. Lá Folláine, Conradh na Gaeilge**

Táimid ag eagrú lá imeachtaí do dhaltaí Bhliain 1 Dé Máirt seo chugainn, an 9 Samhain 2021. Is lá é eagraithe ag Conradh na Gaeilge a nascann labhairt na Gaeilge le lá folláine sa scoil. Gan amhras, toisc gur scoil Ghaeltachta, lán-Ghaeilge sinn, is í an Ghaeilge teanga na scoile ar aon nós! Ach ba mhaith linn páirt a ghlacadh san ócáid seo arís i mbliana chun spreagadh agus deis spraoi a chur ar fáil do dhaltaí Bhliain 1 agus rud éigin deas taitneamhach a dhéanamh leo. Beidh gnáthéadaí spóirt á gcaitheamh ag na daltaí seachas an éide scoile.

Beidh na himeachtaí / gníomhaíochtaí sníofa isteach sna ranganna i gcaitheamh an lae. Beidh na gnáthranganna ar siúl ach casadh bainte astu. Seo blaiseadh de na rudaí a bheidh ar siúl:

- **Seisiún HIIT** (aclaíocht - seisiún stiúrtha ar líne)
- **Tráth na gCeist** eagraithe ag Conradh na Gaeilge agus duaiseanna le buachtaint (guthán póca nó gléas eile ag teastáil)
- **Rang Ióga** (seisiún stiúrtha ar líne)

- **Siúlóid**
- **Seisiún Machnaimh** (seisiún stiúrtha ar líne)
- **Leideanna Folláine**

Mar chuid den ócáid, iarrann Conradh na Gaeilge go mbaileodh na daltaí €10 an duine. Faigheann na daltaí t-léine, banda láimhe agus teastas as agus úsáideann Conradh na Gaeilge an brabús chun tacú le himeachtaí Gaeilge ar fud na tíre.

Ag súil go mbainfidh na daltaí ar fad taitneamh as.

*I hope all is well and I have some information to share with you below.*

### *1. 1st year subject choice*

*Your son/daughter was given a form today to be filled in and returned to the school tomorrow. All of the information with regard to the final decision in first year subject choice is detailed on the form.*

### *2. School App*

*A reminder to download the school app. All school news and any important notices from now on will be on the app. We have also started putting any school fees for first year students on the app.*

### *3. Conradh na Gaeilge Wellbeing Day*

*We are organising a day of events for 1st Years next Tuesday 9th of November 2021. It is a day organised by Conradh na Gaeilge which combines speaking Irish with wellbeing events. Naturally, since we are a Gaeltacht school and an Irish medium school, we speak Irish anyway everyday! But we would like to take part in this event again this year to encourage the students and provide some fun events for them. Students will wear their sports clothes for the day.*

*The events / activities will be woven into the normal classes during the day. Normal classes will take place but with a twist. Here is a sample of some of the events:*

- ***HIIT Session*** *(exercise – guided online session)*
- ***Quiz*** *organised by Conradh na Gaeilge and prizes to be won (a mobile phone or other device needed)*
- ***Yoga class*** *(guided online session)*
- ***Walk***
- ***Mindfulness session*** *(guided online session)*
- ***Wellbeing pointers***

*As part of the event, Conradh na Gaeilge requests that each student collects €10. The students get a package which includes a t-shirt, a wristband and a certificate and Conradh na Gaeilge will use the profit to fund Irish language events nationally.*

*Hoping that the students will enjoy the day.*

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

Príomhoide